**RABHADH**
**Freagair gach ceist sna spásanna atá ann dóibh ar an bpáipéar seo.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2013**

**STAIDÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA**

**ARDLEIBHÉAL**

**DÉ hAOINE, 7 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 – 11.30**

**Treoracha d'iarrthóirí:**

**Freagair GACH CEANN de na CÚIG Cheist laistigh**

- Ceist 1 *ar na leathanaigh 2, 3, 4 agus 5*
  Freagair na codanna (A), (B) agus (C)
- Ceist 2 *ar na leathanaigh 6, 7, 8 agus 9*
  Freagair cuid (A) nó (B)
- Ceist 3 *ar na leathanaigh 10, 11, 12 agus 13*
  Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B) nó (C)
- Ceist 4 *ar na leathanaigh 14 agus 15*
- Ceist 5 *ar leathanach 16*
  Déan deimhin de ar dtús go bhfuil an léarscáil agus an t-aerfótagraf agat. Freagair na ceisteanna go léir.

**Don Scrúdaitheoir amháin:**

| *Ceist* | **MARC** |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **IOMLÁN** | |
| **GRÁD** | |

**CEIST 1**
**24 marc**

**Freagair GACH ceann de na TRÍ chuid – (A) agus (B) agus (C)**

**(A) CEISTEANNA ILROGHNACHA** **(12 mharc)**
**Freagair 12 de na ceisteanna seo a leanas. Cuir tic ( ✓ ) sa bhosca ceart i ngach cás.**

*Sampla:* Is í an chathair is mó in Éirinn ná:

(a) Gaillimh ☐ (b) Béal Feirste ☐
(c) Baile Átha Cliath ☑ (d) Port Láirge ☐ (1)

***1.*** Is é a thugtar ar dhuine a dhéanann léarscáileanna ná:

(a) seandálaí ☐ (b) cartagrafaí ☐
(c) cartlannaí ☐ (d) geolaí ☐ (1)

***2.*** Ciallaíonn 'réabhlóid':

(a) iompú timpeall iomlán ☐ (b) cur crann ☐
(c) treabhadh ☐ (d) cogadh ☐ (1)

***3.*** Is é a thugtar ar thír atá á rialú ag tír eile ná:

(a) cúige ☐ (b) rialtas ☐
(c) coilíneacht ☐ (d) oileán ☐ (1)

***4.*** Is í an abhainn is faide in Éirinn ná:

(a) An tSionainn ☐ (b) An Life ☐
(c) An Laoi ☐ (d) An Bhearú ☐ (1)

***5.*** Ar léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis baintear úsáid as línescála chun tomhas a dhéanamh:

(a) ar airde ☐ (b) ar fhad ☐
(c) ar threo ☐ (d) ar dhaonra ☐ (1)

***6.*** Is é an t-aigéan atá ar an taobh thiar d'Éirinn ná:

(a) An tAigéan Indiach ☐ (b) An tAigéan Artach ☐
(c) An tAigéan Ciúin ☐ (d) An tAigéan Atlantach ☐ (1)

***7.*** Tá dea-chleachtas ag scoil le Brat Glas sa réimse a bhaineann le:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (a) | ríomhairí | ☐ | (b) | torthaí scrúduithe | ☐ |
| (c) | athchúrsáil | ☐ | (d) | spórt | ☐ (1) |

***8.*** Is ionaid iad bainc, comhair chreidmheasa agus oifigí poist:


| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (a) | do chaitheamh aimsire | ☐ | (b) | do thionsclaíocht | ☐ |
| (c) | d'oideachas | ☐ | (d) | d'airgeadas | ☐ (1) |

***9.*** Is é atá i Sí an Bhrú i gContae na Mí ná sampla:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (a) | de thuama pasáiste | ☐ | (b) | de dholmain | ☐ |
| (c) | de ráth | ☐ | (d) | de chrannóg | ☐ (1) |

***10.*** Is é atá i gceantar cónaithe den chuid is mó ná:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (a) | oifigí agus siopaí | ☐ | (b) | oifigí | ☐ |
| (c) | tithe | ☐ | (d) | stáisiúin chumhachta | ☐ (1) |



***11.*** Is é atá san obair chloiche ag barr ballaí caisleáin ná:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (a) | an droichead tógála | ☐ | (b) | an geata crochta | ☐ |
| (c) | na forbhallaí | ☐ | (d) | na poill lámhaigh | ☐ (1) |

***12.*** Is é a thugtar ar ghluaiseacht daoine ó thír go tír ná:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (a) | lonnaíocht | ☐ | (b) | imirce | ☐ |
| (c) | lárú | ☐ | (d) | dílárú | ☐ (1) |

***13.*** Cé acu díobh seo a leanas atá ina ***fhoinse phríomha***?

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (a) | scannán faisnéise | ☐ | (b) | leabhar staire | ☐ |
| (c) | scannán a rinneadh don phictiúrlann | ☐ | (d) | dialann | ☐ (1) |

***14.*** Ciallaíonn uirbiú forbairt:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (a) | ar bhailte agus cathracha | ☐ | (b) | ar bhóithre | ☐ |
| (c) | ar thalamh feirme | ☐ | (d) | ar pháirceanna | ☐ (1) |

**[ Thall**

**(B) MUINTIR AN tSEANSAOIL**

**AN tSEANRÓIMH, AN tSEANGHRÉIG, AN tSEANÉIGIPT NÓ DOMHAN NA nINCEACH**
**(6 mharc)**

I gcás ceann **AMHÁIN** de na sibhialtachtaí thuas, scríobh faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Saol agus trealamh saighdiúra

**NÓ**

(b) Tithe agus áiteanna cónaithe

**NÓ**

(c) Éadaí a chaith na daoine

**NÓ**

(d) Nósanna adhlactha agus sochraide

Is í an tsibhialtacht a scríobhfaidh mé fúithi ná ______________________________

(6)

**(C) LAGHDAIGH, ATHÚSÁID, ATHCHÚRSÁIL** **(6 mharc)**

Féach ar an lógó agus freagair na ceisteanna thíos.

***1.*** Cad a chiallaíonn 'laghdaigh agus athúsáid'?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________(2)

***2.*** Ainmnigh **DHÁ** chineál ní a ndéantar iad a athchúrsáil ó thithe in Éirinn go rialta.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________(2)

***3.*** Ainmnigh **DHÁ** tháirge nó ní ar féidir iad a dhéanamh as ábhar athchúrsáilte.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________(2)

# CEIST 2


**24 marc**

**Freagair cuid (A) <u>nó</u> (B)**

## (A) PLANDÁIL IN ÉIRINN SA 17ú hAOIS (24 marc)

Féach ar an léarscáil thíos a thaispeánann úinéireacht talún in Éirinn thart ar an mbliain 1700. Ansin freagair na ceisteanna a leanann é.

An céatadán den Talamh a raibh Caitlicigh ina nÚinéirí air sa Bhliain 1700




*1.* Ainmnigh **DHÁ** cheann ar bith de na contaetha ina raibh an céatadán ab airde den talamh faoi úinéireacht na gCaitliceach.

________________________________________

________________________________________ (2)

*2.* Tabhair cúis **AMHÁIN** a raibh 25% nó níos mó den talamh faoi úinéireacht na gCaitliceach i Maigh Eo agus i nGaillimh.

________________________________________

________________________________________ (2)

*3.* Tabhair cúis **AMHÁIN** a raibh 10% nó níos lú den talamh faoi úinéireacht na gCaitliceach i bhformhór na gcontaetha i gCúige Uladh.

________________________________________

________________________________________ (2)

***4.*** Cad iad na tíortha ónar tháinig na plandóirí?

(2)

***5.*** Conas a roghnaíodh na plandóirí chun talamh a fháil in Éirinn?

(2)

***6.*** Mínigh **DHÁ** cheann de na téarmaí seo a leanas:

Gealltóir

Bábhún

Seirbheoir

(4)

***7.*** Tabhair **DHÁ** thoradh fhadtéarmacha a bhí ar phlandáil in Éirinn.

1.

2.

(4)

***8.*** Scríobh faoin gcaoi ar athraíodh saol na nÉireannach dúchasach de bharr plandála.

(6)



[ **Thall**

**NÓ**

**(B) AN BHRASAÍL** **(24 marc)**

**Féach ar na fótagraif agus ar an eolas thíos agus freagair na ceisteanna ar an leathanach thall.**






*Fótagraf: Thiago Trajana*

Tá feabhas an-mhór tagtha ar gheilleagar na Brasaíle le blianta anuas. Tá roinnt daoine atá an-saibhir sa Bhrasaíl agus tá mórán comhlachtaí idirnáisiúnta tagtha chun dul i mbun gnó sa Bhrasaíl.

Mar sin féin, tá mórán daoine atá an-bhocht, nach bhfuil an t-oideachas ná na cáilíochtaí acu le poist mhaithe a fháil. Bíonn dálaí maireachtála an-dona ag cuid acu. Beidh Corn an Domhain sa Pheil ar siúl sa Bhrasaíl in 2014 agus dá bharr sin cuirfear mórán post ar fáil do roinnt grúpaí sa Bhrasaíl.

**FIFA CORN AN DOMHAIN**
**Brasil**



*Fótagraf Michael Renner*

Tógadh na fótagraif ar fad ar an leathanach thall i gcathair darb ainm Recife sa Bhrasaíl.

***1.*** Tabhair **DHÁ** phíosa fianaise ó na fótagraif go bhfuil mórán daoine saibhre ina gcónaí i Recife.

________________________________________

________________________________________ (4)

***2.*** Tabhair **DHÁ** phíosa fianaise ó na fótagraif go bhfuil mórán daoine bochta ina gcónaí i Recife.

________________________________________

________________________________________ (4)

***3.*** An dóigh leat go ndéanfaidh Corn an Domhain FIFA, a bheidh ar siúl sa Bhrasaíl, difríocht do shaol na ndaoine atá an-bhocht ar fad? Tabhair **DHÁ** chúis le do fhreagra.

________________________________________

________________________________________

________________________________________ (4)

***4.*** Bogann mórán daoine ó cheantair thuaithe sa Bhrasaíl chuig na cathracha móra. Tabhair **TRÍ** chúis a mbogann daoine chuig na cathracha.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________ (6)

***5.*** Déan cur síos ar na fadhbanna a d’fhéadfadh a bheith ag daoine a chónaíonn in **FAVELA**.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________ (6)



**[ Thall**

# CEIST 3


**24 marc**


**Freagair cuid (A), agus ansin freagair cuid (B) <u>nó</u> (C)**

**(A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH** **(12 mharc)**













**Barr: Roimh an innealra nua**

**Lár: Innealra nua ar fheirmeacha**

**Bun: Sprae antaiseipteach Lister á úsáid le linn obráidí**

***1.*** Agus tú ag úsáid na bpictiúr agus na líníochtaí ar an leathanach thall chun cabhrú leat, scríobh an méid agus is féidir leat faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

- Forbairtí i gcúrsaí feirmeoireachta san 18ú agus sa 19ú haois
- Forbairtí i gcúrsaí leighis san 18ú agus sa 19ú haois

Scríobhfaidh mé faoi na forbairtí i gcúrsaí____________________________________________

(6)

***2.*** Scríobh faoi **AR A LAGHAD DHÁ** chúis a bhí leis an bhfás mór ar an daonra san 18ú agus sa 19ú haois.

(6)



**[ Thall**

**(B) AN CHÉAD CHOGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**

**Féach ar na fótagraif agus freagair na ceisteanna thíos.**





**Seo fótagraif ó Chath Passchendaele sa Chéad Chogadh Domhanda. Tharla sé idir mí an Mheithimh agus mí na Samhna 1917 agus bhásaigh breis agus 600,000 saighdiúir.**

***1.*** Is cosúil go bhfuil trioblóid ag na fir sa chéad fhótagraf lena ngunna mór airtléire. Cén fhadhb atá ann dar leat?

________________________________________________________________(2)

***2.*** Tá na fir sa dara fótagraf ag leagan síos 'mataí trinse'. Conas a d'fhéadfadh na 'mataí trinse' seo a bheith mar chabhair dar leat?

________________________________________________________________(2)

***3.*** Scríobh alt gearr faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:


(a) Uirlisí nua troda a úsáideadh sa Chéad Chogadh Domhanda;
(b) Mná le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda;
(c) An saol sna Trinsí;
(d) Na fadhbanna a raibh ar shaighdiúirí aghaidh a thabhairt orthu nuair a tháinig siad ar ais ón gCéad Chogadh Domhanda;

________________________________________________________________(8)

## (C) AN DARA COGADH DOMHANDA (12 mharc)







SAIGHDIÚIRÍ *gan ghunnaí*

**Le linn an Dara Cogadh Domhanda, chuaigh mná isteach i bhfórsaí airm mórán tíortha. San Aontas Sóivéadach, throid siad ar bhéal an chatha. Ba mhná iad mórán de na páirtínigh nó na trodaithe frithbheartaiochta san Eoraip.**
**Ní dheachaigh mórán ban isteach san arm sa Bhreatain ná sna Stáit Aontaithe, ach ina áit sin d'oibrigh siad i monarchana nó ar fheirmeacha don 'iarracht chogaidh'.**

***1.*** Cén fáth a raibh an oiread sin ban ag teastáil le hoibriú sna monarchana?

____________________________________________________________(2)

***2.*** Cad a chiallaíonn an sluán 'Saighdiúirí gan ghunnaí' dar leat?

____________________________________________________________(2)

***3.*** Scríobh alt gearr faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Bean nó cailín ón Dara Cogadh Domhanda ar fhoghlaim mé fúithi

**NÓ**

(b) Na Campaí Géibhinn

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

__________________________________________________________(8)

**[ Thall**

# CEIST 4

**24 marc**

**ÉAGOTHROIME AN DOMHAIN – TEACHT AR OIDEACHAS (24 marc)**

Déan staidéar ar na fótagraif agus ar an tábla eolais agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh.





***Íomhá le caoinchead ó user africa /*** FreeDigitalPhotos.net ***Fótagraf le Yann Forget***





***Íomhá le caoinchead ó user: africa /*** FreeDigitalPhotos.net ***Fótagraf le Peter Griffin***

| | **Éire An Eoraip** | **An Tansáin An Afraic** | **An Bhanglaidéis An Áise** | **Meicsiceo Críocha Mheiriceá** | **Gána An Afraic** | **An India An Áise** | **An Bhrasaíl Críocha Mheiriceá** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Meánlíon blianta a chaith daoine fásta ar scoil | 9.4 bliain | 2.7 bliain | 2.6 bliain | 7.2 bliain | 3.9 bliain | 5.1 bliain | 4.9 bliain |
| An líon daltaí in aghaidh an mhúinteora bunscoile | 18 | 56 | 51 | 28 | 32 | 40 | 22 |
| % a fhanann san oideachas i ndiaidh na meánscoile | 48% | 0.7% | 7% | 21% | 3.3% | 10% | 16% |
| % de dhaoine fásta atá ábalta léamh agus scríobh go maith | 99% | 69.4% | 56.8%% | 86.1% | 67.3% | 74% | 88.6% |

***(figiúirí ó*** www.nationmaster.com ***agus CIA WorldBook)***

***1.*** Cé acu tír (díobh siúd atá liostaithe) ina gcaitheann daoine fásta an méid is mó ama ar scoil?

_______________________________________________(2)

***2.*** Cé acu tír (díobh siúd atá liostaithe) ina gcaitheann daoine fásta an méid is lú ama ar scoil?

_______________________________________________(2)

***3.*** Cé acu tír ina bhfuil an líon is lú daoine fásta atá ábalta léamh agus scríobh go maith?

_______________________________________________(2)

***4.*** Cé acu tír ina bhfuil an líon is lú daltaí in aghaidh an mhúinteora?

_______________________________________________(2)

***5.*** Ag féachaint ar na fótagraif duit, luaigh **CEITHRE** dhifríocht is féidir leat a fheiceáil idir do scoil féin agus na scoileanna sna fótagraif.

a. _______________________________________________

_______________________________________________

b. _______________________________________________

_______________________________________________

c. _______________________________________________

_______________________________________________

d. _______________________________________________

_______________________________________________(8)

***6.*** Déan cur síos ar **CHEITHRE** chúis a bhféadfadh deacracht a bheith ag páiste sa Bhanglaidéis nó sa Tansáin fanacht ar scoil chomh fada le páiste in Éirinn.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________(8)

# CEIST 5

**24 marc**

**Déan deimhin go bhfuil léarscáil agus fótagraf agat sula bhfreagraíonn tú na ceisteanna seo.**

Scrúdaigh léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, 1: 50,000 agus an t-aerfótagraf a thagann leis an bpáipéar seo. Ansin freagair na ceisteanna thíos.

Taispeántar Cora Droma Rúisc agus an ceantar ina thimpeall ar an léarscáil agus san fhótagraf.

*1.* Ainmnigh an príomhbhóthar náisiúnta a thaispeántar ar an léarscáil.

_______________________________________________ (2)

*2.* Tabhair ainmneacha **DHÁ** abhainn a thaispeántar ar an léarscáil.

____________________ agus ____________________ (2)

*3.* Tabhair ainmneacha **DHÁ** loch a thaispeántar ar an léarscáil.

____________________ agus ____________________ (2)

*4.* Cad a chiallaíonn an líne phoncaithe a shíneann le hais na habhann ar an léarscáil?

_______________________________________________ (2)

*5.* Ainmnigh an príomhchineál úsáide a bhaintear as an talamh ag Charlestown (M985 980).

_______________________________________________

_______________________________________________ (4)

*6.* Tá canáil sa chúinne thoir theas den léarscáil in M99 95.
Tabhair **DHÁ** dhifríocht idir canáil agus abhainn.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ (4)

*7.* Cén fhianaise atá ann, ón léarscáil agus ón bhfótagraf, go bhfuil tóir ag turasóirí ar cheantar Chora Droma Rúisc mar cheann scríbe?

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ (8)